Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**13497/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0232 (NLE)**

**ECOFIN 992**
**UEM 290**
**FIN 808**
**CADREFIN 139**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh athléimneachta don Phortaingéil a fhormheas |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh athléimneachta don Phortaingéil a fhormheas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Phortaingéil an plean téarnaimh agus athléimneachta ('RRP')náisiúnta a chur isteach an 22 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021')[2]. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023 ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023')[3].

(2) An 1 agus an 12 Lúnasa 2024, rinne an Phortaingéil iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an RRP a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, RRP leasaithe curtha isteach ag an bPortaingéil.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an RRP a chuir an Phortaingéil isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 22 bheart.

---

[2] Féach doiciméid ST 10149/21 INIT agus ST 10149/21 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach doiciméid ST 13351/23 INIT agus ST 13351/23 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Phortaingéil go ndearnadh 8 mbeart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin le garsprioc 1.40 de bheart C01-i04 (Tógáil Ospidéal Oirthear Liospóin agus Trealamh d'ospidéil i Liospóin agus Vale do Tejo) faoi chomhpháirt 1 (An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte); garsprioc 12.7 de bheart C12-r39 (An geilleagar ciorclach agus bainistiú dramhaíola níos éifeachtúla a chur chun cinn) faoi chomhpháirt 12 (Bithgheilleagar); spriocanna 15.13 de bheart C15-i05 (An t-iompar poiblí a dhícharbónú) agus 15.14 de bheart C15-r30 (Athchóiriú Éiceachórais Iompair) faoi chomhpháirt 15 (Soghluaisteacht Inbhuanaithe); garsprioc 19.23 de bheart C19-r35 (Athchóiriú feidhmiúil agus eagraíochtúil ar an riarachán poiblí) faoi chomhpháirt 19 (Riarachán Poiblí Digiteach); agus spriocanna 21.14 agus 21.15 de bheart C21-r45 (Scileanna Glasa) agus garspriocanna 21.20, 21.21 agus 21.23 de bheart C21-r48 (Simpliú an chreata dhlíthiúil agus rialála is infheidhme maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite) faoi chomhpháirt 21 (REPowerEU). Baineann sé sin freisin leis an tuairisc ar an mbeart maidir le hinfheistíocht C07-i03 (Naisc thrasteorann) faoi chomhpháirt 7 (Bonneagar) agus le hinfheistíocht C08-i02 (Clárlann maoine tuaithe agus Córas Faireacháin um Chumhdach Talún) faoi chomhpháirt 8 (Foraoisí). Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil go leasófaí na garspriocanna, na spriocanna agus na bearta thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(5) Mhínigh an Phortaingéil go ndearnadh 12 bheart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú chun uaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin le spriocanna 2.16 agus 2.18 de bheart C02-i04-RAA (Dálaí tithíochta a mhéadú i stoc tithíochta Réigiún Féinrialaitheach na nAsór) faoi chomhpháirt 2 (Tithíocht); sprioc 4.2 agus sprioc 4.5 de C04-i01 (Líonraí Cultúrtha agus an tAistriú Digiteach) agus an tuairisc ar an infheistíocht féin faoi chomhpháirt 4 (Cultúr); garsprioc 5.26 de C05-r13 (Forbairt an mhargaidh caipitil agus caipitliú cuideachtaí neamhairgeadais a chur chun cinn) faoi chomhpháirt 5 (Infheistíocht agus Nuálaíocht); garsprioc 10.6 de C10-i03 (Lárionad Oibríochtaí um Chosaint an Atlantaigh agus ardán cabhlaigh) agus garsprioc 10.8 de C10-i04-RAA (Forbairt an 'Cluster do Mar dos Açores') faoi chomhpháirt C10 (An Fharraige); sprioc 11.3 de C11-i01 (An tionscal a dhícharbónú) faoi chomhpháirt 11 (An tionscal a dhícharbónú); sprioc 19.19 de C19-i07 (Riarachán poiblí a chumhachtaítear luach poiblí a chruthú) faoi chomhpháirt 19 (Riarachán Poiblí Digiteach) agus sprioc 21.1 de C21-i01 (Beart méadaithe: An tionscal a dhícharbónú) faoi chomhpháirt 21 (REPowerEU). Baineann sé sin freisin leis an tuairisc ar an mbeart ar infheistíocht C02-i01 (An Clár Tacaíochta um Rochtain ar Thithíocht) faoi chomhpháirt 2 (Tithíocht); infheistíocht C06-i01 (Nuachóiriú soláthair agus institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna) de chomhpháirt 6 (Cáilíochtaí agus Scileanna); infheistíocht C10-i03 (Lárionad Oibríochtaí um Chosaint an Atlantaigh agus ardán cabhlaigh) agus C10-i04-RAA (Forbairt an 'Cluster do Mar dos Açores') faoi chomhpháirt 10 (An Fharraige); athchóiriú C15-r30 (Athchóiriú Éiceachórais Iompair) faoi chomhpháirt 15 (Soghluaisteacht Inbhuanaithe); athchóiriú C21-r46 (Creat rialála maidir le hidrigin in-athnuaite) agus infheistíocht C21-i06 (Beart méadaithe: Hidrigin agus gáis in-athnuaite, faoi chomhpháirt 21 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil na bearta thuasluaite a leasú, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(6) Mhínigh an Phortaingéil, maidir le ceithre bheart, nach féidir a chruthú gur baineadh amach 8 ngarsprioc agus sprioc toisc nach ndéantar foráil i nósanna imeachta inmheánacha na Portaingéile maidir le fianaise phríomhúil aonchiallach lena bhféadfaí fíorú sainráite a dhéanamh ar chomhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha. Ba cheart na táscairí a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhlíonadh sásúil a leasú ionas gur féidir fíorú den sórt sin a dhéanamh, gan cuspóirí ná cineál na mbeart ábhartha a athrú. Ba cheart cainníochtaí sonracha na dtáscairí nua sin a bhunú ionas go gcaomhnófar leibhéal uaillmhéine na mbeart ábhartha. Baineann sé sin, le spriocanna 2.2, 2.29 agus 2.3 de bheart C02-i01 (An Clár Tacaíochta um Rochtain ar Thithíocht) agus le sprioc idirmheánach 2.6 chomh maith le sprioc 2.7 ina dhiaidh sin de bheart C02-i02 (Deontas Náisiúnta maidir le Cóiríocht Éigeandála agus Shealadach) faoi chomhpháirt 2 (Tithíocht); sprioc 6.3 agus sprioc 6.4 de C06-i01 (Nuachóiriú institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna) faoi chomhpháirt 6 (Cáilíochtaí agus Scileanna); agus sprioc 19.20 de bheart C19-i07 (Riarachán poiblí a chumhachtaítear luach poiblí a chruthú – Infheistíocht) faoi chomhpháirt 19 (Riarachán Poiblí Digiteach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil na bearta thuasluaite a leasú, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(7) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, mar gheall ar easpa éilimh ó theicneoirí eagraíochtaí táirgeoirí foraoise. Baineann sé sin le sprioc 8.16 de bheart C08-i05 (Níos Mó Foraoisí) faoi chomhpháirt 8 (Foraoisí). Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil go leasófaí an sprioc thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(8) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an bPortaingéil, go bhfuil údar maith leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(9) Sainaithníodh 36 earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, lena ndéantar difear do 27 ngarsprioc agus sprioc agus do 31 bheart faoi 11 chomhpháirt. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an RRP a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 22 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Phortaingéil. Baineann na hearráidí cléireachais sin le sprioc 4.5 de C4-i01 (Líonraí Cultúrtha agus an tAistriú Digiteach) agus le garsprioc 4.11 de C04-i02 (Oidhreacht Chultúrtha) agus leis an tuairisc ar an infheistíocht ábhartha faoi chomhpháirt 4 (Cultúr); sprioc 5.17 de C05-i04-RAA (Athchaipitliú Chóras Gnó na nAsór), sprioc 5.29 agus sprioc 5.43 de C05-i06 (Caipitliú cuideachtaí agus athléimneacht airgeadais/Banco Português de Fomento), sprioc 5.40 de C05-i09 (Uas-scálú: Cláir Oibre/Comhghuaillithe don Nuálaíocht Ghnó a shlógadh), sprioc 5.42 de C05-10 (Uas-scálú: Cláir Oibre Ghlasa/Comhghuaillithe don nuálaíocht ghnó), sprioc 5.45 de i11 (Uas-scálú: Cláir Oibre/Comhghuaillithe don Nuálaíocht Ghnó a shlógadh (Iasachtaí), sprioc 5.47 de i12 (Uas-scálú: Cláir Oibre Ghlasa/Comhghuaillithe don nuálaíocht ghnó (Iasachtaí), faoi chomhpháirt 5 (Infheistíocht agus Nuálaíocht); sprioc 6.5 de C6-i02 (Gealltanas maidir le Fostaíocht Inbhuanaithe) agus sprioc 6.7 de C06-i04 (Spreagadh na hóige — STEAM), garsprioc 6.20 de C06-i06 (Cumas san Eolaíocht) agus sprioc 6.28 de C06-i09 (Scoileanna nua nó athchóirithe) faoi chomhpháirt 6 (Cáilíochtaí agus Scileanna); garsprioc 7.14 agus sprioc 7.15 de C07-i05-RAA (Ciorcaid Lóistíochta — Líonra Réigiúnach na nAsór) faoi chomhpháirt 7 (Bonneagar); garsprioc 17.21 de C17-i02 (Nuachóiriú chórais faisnéise an Údaráis Cánach agus Custaim maidir le cánachas maoine tuaithe) faoi chomhpháirt 17 (Cáilíocht agus Inbhuanaitheacht an Airgeadais Phoiblí);

sprioc 19.21 de C19-i07 (Riarachán poiblí a chumhachtaítear luach poiblí a chruthú) agus an tuairisc ar an infheistíocht ábhartha, sprioc 19.33 de C19-r42 (Córas meastóireachta nua chun lucht saothair an riaracháin phoiblí a chumhachtú agus a athnuachan) agus garsprioc 19.36 de C19-i08 (Críocha Cliste) faoi chomhpháirt 19 (Riarachán Poiblí Digiteach); agus garsprioc 21.7 de C21-r43 (an Fhaireachlann Náisiúnta um Bochtaineacht Fuinnimh), garsprioc 21.22 de C21-r48 (Simpliú an chreata dhlíthiúil agus rialála is infheidhme maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite), garsprioc 21.24 agus sprioc 21.25 de C21-i06 (Beart méadaithe: Hidrigin agus gáis in-athnuaite), garsprioc 21.35 de C21-i12 (Beart méadaithe: An t-iompar poiblí a dhícharbónú), garsprioc 21.39 de C21-i14 (Mearbhealach Busanna Braga) agus sprioc 21.43 de C21-i16 (Cáblach Nazaré) faoi chomhpháirt 21 (REPowerEU), an tuairisc ar na bearta seo a leanas: infheistíocht C02-i04-RAA (Dálaí tithíochta a mhéadú i stoc tithíochta Réigiún Féinrialaitheach na nAsór) faoi chomhpháirt 2 (Tithíocht); athchóiriú C05-r13 (Forbairt an mhargaidh caipitil agus caipitliú cuideachtaí neamhairgeadais a chur chun cinn) faoi chomhpháirt 5 (Infheistíocht agus Nuálaíocht); infheistíocht C07-i02 (Naisc atá in easnamh agus acmhainneacht an Líonra a mhéadú), infheistíocht C07-i04 (Limistéir Fáiltithe Gnó — Inrochtaineacht ar bhóithre) agus infheistíocht C07-i05-RAA (Ciorcaid Lóistíochta — Líonra Réigiúnach na nAsór) faoi chomhpháirt 7 (Bonneagar); infheistíocht C09-i02 (Fiontar ilchuspóireach hiodrálach Crato, céim na pleanála) faoi chomhpháirt 9 (Bainistiú uisce); infheistíocht C11-i01 (An tionscal a dhícharbónú) faoi chomhpháirt 11 (An tionscal a dhícharbónú); athchóiriú C17-r32 (Nuachóiriú agus Simpliú na Bainistíochta Airgeadais Phoiblí) agus athchóirithe C17-r40 (Simpliú an Chórais Cánach) faoi chomhpháirt 17 (Cáilíocht agus Inbhuanaitheacht an Airgeadais Phoiblí); athchóiriú C19-r35 (Athchóiriú feidhmiúil agus eagraíochtúil ar an riarachán poiblí) faoi chomhpháirt 19 (Riarachán Poiblí Digiteach);

C21-r44 (Ionaid ilfhreastail éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt do shaoránaigh (Spásanna Fuinnimh do Shaoránaigh) agus athchóiriú C21-r48 (Simpliú an chreata dhlíthiúil agus rialála is infheidhme maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite) faoi chomhpháirt 21 (REPowerEU), agus an téarma a úsáidtear chun na tráthchodanna íocaíochta i roinn 2 (Tacaíocht airgeadais) agus liosta na ngarspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear leis an gcúigiú, leis an séú, leis an naoú agus leis an deichiú tráthchuid den tacaíocht neamh-inaisíoctha agus leis an gcúigiú, leis an ochtú, leis an naoú agus leis an deichiú tráthchuid den tacaíocht iasachta a shainaithint. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

(10) Sainaithníodh earráid chléireachais in aithris (79) de Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023. Ní léirítear leis an earráid chléireachais sin ábhar an RRP leasaithe a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 26 Bealtaine 2023, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Phortaingéil. Baineann sé le méid na mbeart a thacaíonn le cuspóirí aeráide i gcomparáid le leithdháileadh iomlán an RRP, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Léiríodh na méideanna seo a leanas in Aithris (79) de Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023: 41,2 % de leithdháileadh iomlán an RRP agus 91,1 % de chostais mheasta iomlána na mbeart i gcaibidil REPowerEU. Ar bhonn an RRP leasaithe a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 26 Bealtaine 2023, na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, tá suim airgid ag gabháil leo is ionann agus 40,6 % de leithdháileadh iomlán an RRP agus 91.1 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Ní dhéanann an ceartúchán sin difear do mheasúnú ná do chur chun feidhme an RRP.

*Measúnú an Choimisiúin*

(11) Rinne an Coimisiún measúnú ar an RRP leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(12) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Phortaingéil chun cinn difear don mheasúnú dearfach don RRP a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an RRP i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Measúnú dearfach*

(13) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an RRP leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an RRP na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart go leagfar amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an RRP leasaithe, na garspriocanna, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíochta agus tacaíochta iasachta le haghaidh chur chun feidhme an RRP leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(14) Is é EUR 22 215 870 313 costas iomlán measta RRP leasaithe na Portaingéile. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an RRP leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Phortaingéil, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 20(4), Airteagal 21a(6) agus Airteagal 21b(2) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar RRP leasaithe na Portaingéile a bheith comhionann le EUR 16 325 113 960.

*Iasachtaí*

(15) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Phortaingéil dar luach EUR 5 890 756 353.

(16) Ba cheart, dá bhrí sin, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Phortaingéil a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar an measúnú ar RRP leasaithe na Portaingéile a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin RRP, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an RRP agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a bhaineann le híocaíocht na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíochta agus na garspriocanna agus spriocanna breise a bhaineann le híocaíocht na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.

*Airteagal 2*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Phortaingéil.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Phoblacht na Portaingéile.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*